Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0200(NLE)**

**12622/24**
**ADD 1**

**UD 154**
**COEST 477**
**WTO 98**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 30 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 341 final IARSCRÍBHINN |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhochoiste Custaim arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Phrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú sin a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin i ndáil leis an tréscaoilteacht idir an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 341 final IARSCRÍBHINN.

---

Faoi iamh: COM(2024) 341 final IARSCRÍBHINN

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2024
COM(2024) 341 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhochoiste Custaim arna bhunú leis an gComhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú a dhéanamh ar Phrótacal I a ghabhann leis an gComhaontú sin a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin i ndáil leis an tréscaoilteacht idir an Coinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh**

# IARSCRÍBHINN

## [Dréacht-]CHINNEADH Uimh. … ÓN bhFOCHOISTE CUSTAIM IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN tSEOIRSIA

**an XX XX 2024**

**maidir le**

**leasú a dhéanamh ar Phrótacal I den Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin**

TÁ AN FOCHOISTE CUSTAIM IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN TSEOIRSIA,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile[1] (an Comhaontú), agus go háirithe Airteagal 4 dá Phrótacal a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa 'táirgí tionscnaimh' agus le modhanna comhair riaracháin (Prótacal I),

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Le linn an chéad chruinnithe theicniúil maidir le Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh a tionóladh sa Bhruiséil an 5 Feabhra 2020, chomhaontaigh tromlach na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (an Coinbhinsiún)[2] rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin (na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh[3]) a chur chun feidhme i gcomhthráth le rialacha an Choinbhinsiúin, ar bhonn déthaobhach idirthréimhseach, go dtí go nglacfaí rialacha athbhreithnithe an Choinbhinsiúin.

(2) Tháinig líonra prótacal déthaobhach i bhfeidhm cheana maidir le rialacha tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún, rud a fhágann go bhfuil feidhm ag na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh[4] ó bhí an 1 Meán Fómhair 2021 ann.

(3) Is é is cuspóir do na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh rialacha níos maolaithe a thabhairt isteach chun cáiliú an stádais tionscnaimh fhabhraigh maidir le hearraí a éascú. Ós rud é go bhfuil na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh níos maolaithe i gcoitinne ná na rialacha atá sa Choinbhinsiún, d'fhéadfaí earraí lena gcomhlíontar rialacha an Choinbhinsiúin a cháiliú mar earraí tionscnaimh faoi na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh freisin, cé is moite de roinnt táirgí talmhaíochta a

[1] IO L 261, 30.8.2014, lch. 4.
[2] IO L 54, 26.2.2013, lch. 4.
[3] IO L 381, 27.10.2021, lgh. 78–162.
[4] IO C, C/2024/1637, 20.2.2024.

aicmítear faoi Chaibidlí 2, 4 go 15, agus 16 (seachas táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 17 go 24 den Chóras Comhchuibhithe.

(4) Tá na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh infheidhme i gcomhthráth le rialacha tionscnaimh an Choinbhinsiúin, rud lena gcruthaítear dhá limistéar shainiúla carntha. Dá bhrí sin, chun cur i bhfeidhm na tréscaoilteachta idir an Coinbhinsiún agus na Rialacha idirthréimhseacha tionscnaimh dá bhforáiltear le hAirteagal 21(1), pointe (d) d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal I a éascú, ba cheart Airteagal 8 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal I a leasú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH

*Airteagal 1*

In Airteagal 8 d'Fhoscríbhinn A a ghabhann le Prótacal I den Chomhaontú, cuirtear isteach an mhír 1a seo a leanas:

'1a. D'ainneoin mhír 1, pointe (b), féadfar an carnadh dá bhforáiltear in Airteagal 7 a chur i bhfeidhm maidir le hearraí a aicmítear faoi Chaibidlí 1, 3, 16 (i gcás táirgí iascaigh próiseáilte) agus faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe a bhfuil stádas tionscnaimh faighte acu trí rialacha tionscnaimh a chur i bhfeidhm de réir Fhoscríbhinn I agus de réir na bhforálacha ábhartha d'Fhoscríbhinn II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara, ar choinníoll gur de thionscnamh na bPáirtithe Conarthacha a chuirfidh na rialacha i bhfeidhm iad na hábhair agus na táirgí ar féidir carnadh a dhéanamh ina leith.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an gcéad lá den chéad mhí tar éis a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa/san…

*Thar ceann an Fhochoiste Custaim*

*An Cathaoirleach*

*Rúnaithe*